



Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí– Corpoideachas

Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe

An Clár Ábhar

Réamhrá	3
Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta	3
An leibhéal gnóthachtála a chinneadh	4
Am do na Measúnuithe Rangbhunaithe	5
Neamhspleáchas na scoile chun Measúnú Rangbhunaithe a ullmhú	5
Measúnú Rangbhunaithe sa Chorpoideachas (gearrchúrsa)	8
Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích:	11
Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	25

Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, *Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Corpoideachas: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe*:

- Eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- Sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ar a bhfuil cur síos sa tsonraíocht do ghearrchúrsa Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí.
- Na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfeadh chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- Treoirlínte don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích

Ba chóir na treoirlínte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht do ghearrchúrsa Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí agus leis an bh*Foireann Uirlisí don Mheasúnú* don tSraith Shóisearach. Tugtar breacchuntas mionsonraithe ar an measúnú don tSraith Shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach,

2015, atá ar fáil ag

<https://www.education.ie/ga/Foilseach%20in/Tuarasc%20lacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf>.

I ngearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, beidh réimse cuir chuige measúnaithe in úsáid le cur leis an bhfoghlaim. Áireofar leo seo measúnuithe leanúnacha, lena n-áirítear tascanna agus scrúduithe rialta a dhearfaidh an múinteoir; measúnú leanúnach don scoláire atá ag tabhairt faoi aonaid foghlama tosaíochta ag Leibhéal 2; agus measúnú rangbhunaithe amháin.

Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis na tasc(anna) sonracha a leagtar amach i sonraíocht ghearrchúrsa CNCM nó i sonraíocht ghearrchúrsa arna forbairt sa scoil. Leagtar amach sna treoirlínte seo na tascanna agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás an mheasúnaithe rangbhunaithe úsáidtear breithiúnas an mhúinteora i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire agus d'fhéadfaí é a thairneadh chomh maith i gcomhair cruinnithe foghlama agus measúnaithe. Ullmhaíonn an scoláire don Mheasúnú Rangbhunaithe thar thréimhse

mholta sa dara nó sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a chuid gnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

An leibhéal gnóthachtála a chinneadh

Tá ceithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill.*

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfead lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d’obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D’fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach, tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D’fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B’fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas ‘ar an iomlán’. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an

tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Nóta: Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barantúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo

- D'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- Foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe mar is cuí, sna treoirínte measúnaithe
- Foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie

Am do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Áirítear Measúnú Rangbhunaithe san fhad ama a thugtar do ghearrchúrsaí, timpeall 100 uair an chloig. Tá an Measúnú Rangbhunaithe seo bunaithe ar rogha an scoláire de mheasúnú amháin as dhá mheasúnú ar a laghad a rinneadh sa ghearrchúrsa corpoideachais. Dearadh na measúnuithe le bheith ina gcuid lárnach den fhoghlaim i ngach snáithe. Táthar ag súil go bhféadfaí roinnt measúnuithe a dhéanamh ag céimeanna difriúla i rith an tsnáithe, m.sh. Snáithe 1: Gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte agus na folláine agus d'fhéadfaí roinnt eile a dhéanamh sa dá rang deiridh de shnáithe m.sh. Snáithe 4: Damhsa agus gleacaíocht. Cé go mbeidh éagsúlacht ag baint leis an am a ndéantar an Measúnú Rangbhunaithe i ngearrchúrsaí ag brath ar an scoil, ní féidir Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanfar i gcomhair tuairisciú i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a chur i gcrích sa chéad bhliain.

Neamhspleáchas na scoile chun Measúnú Rangbhunaithe a ullmhú

I ngach snáithe den ghearrchúrsa corpoideachais seo tá cineálacha éagsúla taithí foghlama sícealuail ann. Leagtar amach measúnú do gach snáithe sna treoirínte seo, agus is féidir leis an scoláire ceann díobh a roghnú don Mheasúnú Rangbhunaithe. Mar gheall ar chineál chomh sainiúil na foghlama sna snáitheanna éagsúla, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh an scoláire dhá mheasúnú difriúla ar a laghad

ionas gur féidir leis fianaise a thabhairt ar an bhfoghlaim is fearr a rinne sé sa ghearrchúrsa corpoideachais. Cuirtear deiseanna ar fáil sna measúnuithe seo chun aiseolas foirmitheach a thabhairt ar bhonn leanúnach chun tacú le foghlaim an scoláire. Is é an múinteoir is fearr a bheidh in ann a chinneadh cé mhéad measúnú deireadh snáithe a dhéanfar i rith anghearrchúrsa.

Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirlínte, is féidir leis an scoil, leis an múinteoir agus leis an scoláire béim na measúnuithe difriúla corpoideachais a shocrú go neamhspleách.

Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa ó CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile. Má tá an cúrsa á chur in oiriúint, d'fhéadfadh go mbeadh ar an scoil an Measúnú Rangbhunaithe a chur in oiriúint freisin ionas go léireodh sé an méid a d'fhoghlaim an scoláire. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirlínte ar fáil d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt.

An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ach:

- A chinntiú go dtugtar *an tSonraíocht agus na Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe* de chuid CNCM don mhúinteoir
- Tacú leis an múinteoir na Tuairisceoirí leibhéil a bronnadh ar gach scoláire a thaifead
- Taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- Na treoirlínte don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i bhfeidhm
- A chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- Torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus a thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Agus fianaise á bailiú chun críocha measúnaithe i nGearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, tá sé tábhachtach go n-úsáideann an múinteoir cuir chuige atá inbhuanaithe agus comhréireach. Toisc go mbaineann measúnú le cur ar chumas an mhúinteora torthaí a fheabhsú don scoláire, tá sé tábhachtach nach mbeadh páipéarachas ná próisis chasta mar chonstaic le foghlaim agus teagasc. Is gá go dtacódh aon pháipéarachas leis an bhfoghlaim seachas a bheith mar thoradh ann féin.

Cé gur chóir go mbeadh breithiúnais mheasúnaithe bunaithe ar fhianaise a tharraingítear go príomha ó foghlaim agus teagasc laethúil, níl aon ghá fóiliónna móra fianaise a bhailiú le tacú leis sin. Trí rúin foghlama agus critéir ratha nó na gnéithe cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe a chomhroinnt, ba chóir don mhúinteoir aird a tharraingt ar an ról is féidir leis an scoláire a imirt chun fianaise cháilíochta a shainaithint óna shaothar féin le húsáid chun críocha measúnaithe.

Bealach amháin is ea próiseas pleanála éifeachtúil ina sainaithnítear cén uair agus cén chaoi a ngabfar príomhghnéithe den foghlaim mar fhianaise don mheasúnú lena chinntiú go bhfanann gearrchúrsaí in-bhainistithe agus inbhuanaithe. Seachnaítear sa chur chuige seo fianaise iomarcach agus mhíchuí a bhailiú maidir le feidhmíocht an scoláire agus féadtar pléití i gcruinniú athbhreithnithe a thabhairt ar aghaidh ar bhealach struchtúrach. Seachnaítear chomh maith an brú ag deireadh an chúrsa chun fianaise a lorg agus a shainaithint le tacú le breithiúnais maidir le feidhmíocht ar an iomlán.

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba chóir breathnú ar an bpróiseas leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus

foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- Riachtanais an tasc a shoiléiriú
- Samplaí anótáilte d'obair scoláirí a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- Treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil an mheasúnaithe a éascú
- Tacaíocht a chur ar fáil do scoláire ar bith a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige.

Measúnú Rangbhunaithe sa Chorpoideachas (gearrchúrsa)

Forbraíonn ceithre shnáithe an ghearrchúrsa corpoideachais eolas agus tuiscint an scoláire ar raon leathan scileanna sícealuaise. Ar an gcúis sin, áirítear sna treoirlínte measúnaithe seo measúnuithe difriúla a dearadh go sonrach chun fianaise ar fhoghlaim an scoláire i ngach ceann de na snáitheanna seo a ghabháil. **Go teoiriciúil, d'fhéadfadh Measúnú Rangbhunaithe an scoláire a theacht ó cheann ar bith de na measúnuithe seo.** Dearadh na measúnuithe chun an scoláire a spreagadh le feabhas foriomlán a bhaint amach sa ghníomhaíocht choirp a roghnaíodh.

Éilíonn gach measúnú ar an scoláire machnamh gairid a dhéanamh freisin. Tá sé tábhachtach bealaí difriúla machnaimh a chur ar fáil lena chinntiú nach n-éireoidh an scoláire bréan den phróiseas ach go mbeidh sé spreagtha agus suim aige ann agus san fhiúntas a bhaineann leis. Féadfaidh an scoláire a mhachnamh a chur isteach i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear formáidí scríofa, físe agus closfhormáidí. Tá ráitis shamplacha i gcomhair machnaimh in Aguisín 1. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir obair a dhéantar sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach a áireamh don tuairisciú sa PGSS.

Chun críche an Mheasúnaithe Rangbhunaithe, ba chóir don scoláire dul faoi dhá mheasúnú ar a laghad, measúnú amháin i ngach bliain den ghearrchúrsa más féidir. Nuair a dhéanann scoláire measúnú ag deireadh snáithe, ba chóir go bhfaigheadh sé tuairisceoir don mheasúnú ag an am sin. Ach d'fhéadfadh an tuairisceoir sin athrú tar éis an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Is é an Measúnú Rangbhunaithe a thuiriscítear ar Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí de chuid an scoláire an measúnú a fuair an tuairisceoir is airde.

Leagtar amach thíos na measúnuithe do Shnáitheanna 1, 2, 3 agus 4. I ngach ceann de na measúnuithe seo, is gá don scoláire machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama sa snáithe.

Snáithe	Cur síos ar an measúnú
Snáithe 1 Gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte agus na folláine	Clár Pearsanta Gníomhaíochta Coirp: Déantar measúnú ar chumas an scoláire chun pleanáil a dhéanamh i gcomhair a chlár phearsanta gníomhaíochta coirp agus lena chur i bhfeidhm agus a mheas chun a chuid spriocanna feabhsúcháin phearsanta féin a chomhlíonadh thar thréimhse ama ar leith.
Snáithe 2 Cluichí	Measúnú Feidhmíochta i gCluichí: Déantar measúnú ar chumas an scoláire chun raon leathan scileanna agus straitéisí gluaiseachta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go cruthaitheach agus go héifeachtach i gcás cluiche ionsaitheach agus cosantach i gcluiche amháin .
Snáithe 3 Dúshláin aonair agus foirne	<p>Déantar measúnú ar an scoláire i gceann amháin de na réimsí gníomhaíochta coirp seo a leanas: Treodóireacht agus dúshláin foirne, Uiscíocht nó Lúthchleasaíocht.</p> <p>Imeacht Treodóireachta Foirne</p> <p>Déantar measúnú ar fheidhmíocht an scoláire in imeacht treodóireachta foirne, inar gá raon scileanna a léiriú maidir le léamh léarscáileanna, straitéisí treodóireachta agus obair foirne.</p> <p>Nó</p> <p>Measúnú Feidhmíochta san Uiscíocht</p> <p>Déantar measúnú ar chumas an scoláire freagairt go héifeachtúil agus go sábháilte do chás a bhaineann le sábháilteacht ar an uisce, lena n-áirítear, nuair is cuí, dul isteach san uisce agus snámh chun teacht slán.</p> <p>Nó</p> <p>Measúnú Feidhmíochta sa Lúthchleasaíocht</p> <p>Déantar measúnú ar scil agus teicníc an scoláire in imeacht lúthchleasaíochta amháin.</p>

Snáithe 4 Damhsa agus gleacaíocht	Measúnú Feidhmíochta sa Damhsa/Ghleacaíocht: Déantar measúnú ar fheidhmíocht an scoláire ina thaibhiú grúpa deiridh sa damhsa nó sa ghleacaíocht.
-----------------------------------	---

Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích:

Snáithe 1, Gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte agus na folláine – déarfaidh an scoláire clár pearsanta gníomhaíochta choirp

Tá trí chuid sa Chlár Pearsanta Gníomhaíochta Choirp:

- Próifíl gníomhaíochta choirp a bhaineann le sláinte nó le feidhmíocht
- Clár pearsanta gníomhaíochta choirp
- Machnamh

Tá sé mar aidhm leis na torthaí foghlama i Snáithe 1 a chinntiú go bhfuil an scoláire spreagtha agus in ann pleanáil a dhéanamh chun gníomhaíocht choirp a áireamh mar chuid de stíl mhaireachtála shláintiúil. Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire faoi bhealaí éagsúla chun tástáil a dhéanamh ar an gcorpacmhainn, chun í a fheabhsú, chun gníomhaíocht choirp a bheith ina cuid den saol laethúil agus chun machnamh a dhéanamh ar na rudaí a chuidíonn leis agus/nó a chuireann bac air i dtaobh gníomhaíocht choirp. Éilítear sa mheasúnú ar an scoláire pleanáil a dhéanamh i gcomhair a chlár phearsanta gníomhaíochta choirp, é a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú thar thréimhse sé seachtaine. I rith na chéad choicíse, tabharfaidh an scoláire faoi shraith tástálacha cuí corpacmhainne d'fhonn próifíl corpacmhainne a ullmhú. Sa tríú seachtain, déanfaidh an scoláire machnamh ar a thorthaí agus leagfaidh sé amach spriocanna chun a leibhéal corpacmhainne a fheabhsú. Sna trí seachtaine eile, de réir mar a chuirfidh an scoláire a chlár i bhfeidhm, féadfar é a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: cén chaoi a bhfuil gníomhaíocht choirp rialta ina chuid dá stíl mhaireachtála, cé na cineálacha gníomhaíochtaí choirp a thaitníonn leis agus a bheidh ina chuid dá chlár pearsanta, cé na tacaíochtaí is féidir leis a úsáid lena chinntiú go n-éireoidh leis an clár a chur i bhfeidhm agus cén chaoi le dul i ngleic le bacainní féideartha a bhíonn roimhe maidir le rannpháirtíocht. Nuair a bheidh an snáithe seo curtha i gcrích, ba chóir don scoláire machnamh a dhéanamh ar na rudaí ar éirigh go geal leis ina dtaobh agus ar na dúshláin a bhí roimhe agus a chlár pearsanta gníomhaíochta choirp á chur i bhfeidhm. D'fhéadfaí ceisteanna mar seo a leanas a úsáid chun tacú le machnamh an scoláire:

- Céard ar éirigh go maith leis agus cén fáth?
- Cén chaoi a ndéanfa cur síos ar do leibhéal corpacmhainne roimh an gclár agus ina dhiaidh?
- Céard nár éirigh go maith leis agus cén fáth?
- Cén chaoi ar dhéileáil tú le buillí?
- Céard a dhéanfa ar bhealach difriúil an chéad uair eile?

I gcomhair ceisteanna/ráitis bhreise le tacú le machnaimh an scoláire, feic Aguisín 1: Teimpléad machnaimh. Féadfar an measúnú seo a dhéanamh ag céimeanna éagsúla den snáithe seo nuair a bheidh an scoláire ag foghlaim faoi ghné áirithe de chlár pearsanta gníomhaíochta coirp a phleanáil. Féadfar an scoláire a spreagadh chun réimse ilmheáin a áireamh, lena n-áirítear grianghraif, líníochtaí agus físeáin, chun a chlár a léiriú.

Na Gnéithe Cáilíochta: Clár Pearsanta Gníomhaíochta Coirp
<p>Thar barr ar fad</p> <p>Áirítear sa chlár próifíl iomlán shaibhir ar chorpacmhainn an scoláire, a thugann aghaidh ar spriocanna pearsanta an scoláire ar bhealach réadúil.</p> <p>Baintear leas as straitéisí dea-chumtha, cruthaitheacha chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht sa chlár.</p> <p>Tá cáilíocht den scoth ag baint le machnamh an scoláire.</p>
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Áirítear sa chlár próifíl an-mhaith ar chorpacmhainn an scoláire, a thugann aghaidh ar spriocanna pearsanta an scoláire ar bhealach réadúil.</p> <p>Baintear leas as straitéisí maithe, smaointeacha le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht sa chlár.</p> <p>Tá cáilíocht an-mhaith ag baint le machnamh an scoláire.</p>
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Áirítear sa chlár próifíl réasúnta ar chorpacmhainn an scoláire, a thugann aghaidh ar spriocanna pearsanta an scoláire ar bhealach réadúil.</p> <p>Baintear leas as raon straitéisí le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht sa chlár.</p> <p>Tá cáilíocht réasúnta ag baint le machnamh an scoláire.</p>
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Áirítear sa chlár próifíl easnamhach ar chorpacmhainn an scoláire, a thugann aghaidh ar spriocanna pearsanta an scoláire ar bhealach réadúil.</p>

Áirítear roinnt bheag straitéisí sa chlár chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht sa chlár.

Tá teorainn le machnamh an scoláire.

I **Snáithe 2: Cluichí**, déanann an scoláire measúnú feidhmíochta i gcluiche amháin.

Baineann cúig ghné leis an measúnú ar fheidhmíocht i gcluichí:

1. An raon scileanna agus straitéisí a úsáidtear mar fhreagairt don chás ionsaitheach agus cosantach
2. An cumas freagairt go héifeachtach, faoi bhrú mar dhuine aonair agus mar bhall foirne nuair is cuí
3. Fianaise ar chruthaitheacht sna freagraí
4. Tuiscint ar rialacha an chluiche a roghnaíodh agus cloí leo
5. An cumas machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim fhoriomlán sa snáithe.

Socraíonn an múinteoir corpoideachais, i gcomhairle leis an scoláire, cásanna cluiche mionathraithe i dtreo dheireadh an tsnáithe inar féidir leis an scoláire scileanna agus straitéisí gluaiseachta a léiriú go cruthaitheach agus go héifeachtach i gcásanna ionsaitheacha agus cosantacha. Déantar measúnú ar chumas imeartha aonair an scoláire agus ar an méid a chuireann sé go héifeachtach le freagairt na foirne nuair is cuí.

Ba chóir na cásanna ionsaithe agus cosanta a dhearadh sa chaoi is gur féidir leis an scoláire a chumas a léiriú i dtaobh freagra éifeachtach a thabhairt ar ghnáthimeachtaí sa ghníomhaíocht áirithe. D'fhéadfaidís a bheith cosúil leo siúd a úsáidtear chun tacú leis an bhfoghlaim i rang corpoideachais. I gcluichí foirne, d'fhéadfadh an scoláire imirt i gcluichí beaga iltaobhacha lena chinntiú go mbeidh an deis ag gach scoláire rud éigin a chur leis an gcluiche. Mar réiteach don mheasúnú, ba chóir líon beag cásanna a thabhairt don scoláire le bheith ag obair orthu agus a fhios aige go n-úsáidfear péire de na cásanna sin sa mheasúnú.

D'fhéadfaí an measúnú seo a dhéanamh thar dhá rang corpoideachais nó mar sin. Ag obair dóibh i bhfoirne ina bhfuil ceathrar nó cúigear scoláirí, breathnaítear ar gach foireann thar dhá thréimhse cúig nóiméad ag freagairt do chás ionsaitheach agus ansin cás cosantach. Déantar measúnú ar gach imreoir as féin sa chomhthéacs sin. Mar rogha eile, d'fhéadfaí a éileamh ar an scoláire fianaise físeáin a bhailiú ar a fheidhmíocht sna cásanna cluichí mionathraithe sin. Ansin, d'fhéadfadh an scoláire gearrthóg a chur isteach ina léireofaí a fheidhmíocht san ionsaí agus sa chosaint. Nuair a bheidh measúnú feidhmíochta an scoláire i *gCluichí* curtha i gcrích, éilítear ar an scoláire machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim fhoriomlán sa snáithe seo. I gcomhair ráitis shamplacha le tacú le machnaimh an scoláire, feic Aguisín 1.

Na Gnéithe Cáilíochta: Measúnú Feidhmíochta i gCluichí

Thar barr ar fad

Áirítear san fheidhmíocht raon iontach scileanna agus straitéisí a cuireadh i bhfeidhm go hinniúil, go comhsheasmhach agus go sábháilte.

Léiríonn an scoláire cumas iontach i dtaobh freagairt go cruthaitheach agus é faoi bhrú, mar dhuine aonair agus mar bhall d'fhoireann.

Tá cáilíocht den scoth ag baint le machnamh an scoláire.

Os cionn na n-ionchas

Áirítear san fheidhmíocht raon an-mhaith scileanna agus straitéisí a cuireadh i bhfeidhm go hinniúil, go comhsheasmhach agus go sábháilte.

Léiríonn an scoláire cumas an-mhaith i dtaobh freagairt go cruthaitheach agus é faoi bhrú, mar dhuine aonair agus mar bhall d'fhoireann.

Tá cáilíocht an-mhaith ag baint le machnamh an scoláire.

Ag teacht leis na hionchais

Áirítear san fheidhmíocht raon inghlactha scileanna agus straitéisí a cuireadh i bhfeidhm go hinniúil, go comhsheasmhach agus go sábháilte.

Léiríonn an scoláire cumas áirithe i dtaobh freagairt go cruthaitheach agus é faoi bhrú, mar dhuine aonair agus mar bhall d'fhoireann.

Tá cáilíocht réasúnta ag baint le machnamh an scoláire.

Níor chomhlíon na hionchais go fóill

Ní léirítear san fheidhmíocht ach scileanna teoranta agus líon beag straitéisí.

Ní minic a fhreagraíonn an scoláire go héifeachtach mar dhuine aonair nó mar bhall d'fhoireann.

Tá teorainn le machnamh an scoláire.

I **Snáithe 3**: Rogha 1, Treodóireacht, tugann an scoláire, i bhfoirne triúir, faoi imeacht treodóireachta foirne.

Baineann ceithre ghné leis an measúnú ar an imeacht treodóireachta foirne:

- Scileanna i dtaobh léarscáileanna a léamh agus straitéisí treodóireachta a úsáid
- Cloí le prótacail imeachta sa treodóireacht
- Éifeachtúlacht mar bhall d'fhoireann
- An cumas machnamh a dhéanamh ar fheidhmíocht aonair agus ar an méid a chuireann sé le feidhmíocht na foirne

Iarrtar ar an scoláire, agus é ag obair le beirt eile, imeacht treodóireachta foirne a dhéanamh chomh sciobtha is atá an grúpa in ann, trí na pointí rialúcháin a roinnt eatarthu ar bhealach a bhaineann an úsáid is fearr as scileanna agus corpacmhainn an ghrúpa. Dá bhféadfaí é, ba chóir an t-imeacht a reáchtáil in áit nach bhfuil mórán aithne ag na scoláirí air. Ba chóir grúpaí a chur amach gach cúig nóiméad ionas gur féidir leis an múinteoir breathnú ar na bealaí ina ndéanann an grúpa pleanáil ar a straitéis mar fhoireann, m.sh. na pointí rialúcháin a roinnt eatarthu ar bhealach a bhaineann an úsáid is fearr as scileanna agus corpacmhainn an ghrúpa. Ag deireadh an imeachta, cuireann gach scoláire isteach a chárta scóir aonair mar fhianaise ar a fheidhmíocht, .i. na pointí rialúcháin a fuair sé, an t-achar ama a thóg sé air idir gach pointe rialúcháin agus an t-am foriomlán.

Tar éis an imeachta, déantar measúnú freisin ar chumas an scoláire i dtaobh critíc a dhéanamh ar a fheidhmíocht aonair agus ar an méid a chuir sé le feidhmíocht na foirne. Is féidir an chritíc sin a dhéanamh i scríbhinn nó ó bhéal le teimpléad machnaimh ina bhféadfaí roinnt de na ceisteanna seo nó iad ar fad a áireamh:

- Cé na scileanna treodóireachta ar bhain mé dea-úsáid astu agus an t-imeacht seo á dhéanamh agam?
- Cén scil a bhféadfainn úsáid níos fearr a bhaint aisti agus cén chaoi?
- Cé na straitéisí ar éirigh liom leo? Céard a dhéanfainn ar bhealach difriúil an chéad uair eile?
- Cé na straitéisí ar éirigh le m'fhoireann leo? Céard a dhéanfaimis ar bhealach difriúil an chéad uair eile agus cén fáth?
- Ar an iomlán, céard a chuir mise leis an imeacht treodóireachta foirne?

- Rud amháin a mb'éigean dom/dúinn obair chrua a dhéanamh lena shárú ab ea..... sháraigh mé/muid é trí.....
- Cén chomhairle a chuirfinn ar fhoireann eile agus í ag tabhairt faoi imeacht cosúil leis seo?

Féadfar an measúnú a dhéanamh ar fhearann na scoile nó i gceantar gar don scoil. Mar rogha eile, d'fhéadfadh an múinteoir corpoideachais socrú an measúnú a dhéanamh i gceantar nach bhfuil an oiread sin aithne ag na scoláirí air. D'fhéadfadh leathlá/lá iomlán a bheith ag teastáil don chur chuige deireanach sin agus caithfear an t-achar ama sin a thabhairt don mhúinteoir corpoideachais. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach ranganna a chur le chéile chun costais taistil a laghdú, m.sh. dhá rang sa dara bliain a bhfuil snáithe na treodóireachta déanta acu a chur le chéile. Más féidir é, d'fhéadfadh an scoil leas a bhaint as imeacht atá á eagrú ag club treodóireachta áitiúil chun an measúnú a dhéanamh. Chabhródh sé sin le cúrsaí lóistíochta an lae agus thabharfadh sé blaiseadh ceart don scoláire den ghníomhaíocht.

Na Gnéithe Cáilíochta: Imeacht Treodóireachta Foirne
Sa mheasúnú seo, léiríonn an tuairisceoir feidhmíocht aonair an scoláire san imeacht treodóireachta agus an méid a chuir sé le hiarracht na foirne an t-imeacht a chur i gcrích.
<p>Thar barr ar fad</p> <p>Éiríonn thar barr leis an scoláire agus céim den imeacht treodóireachta foirne á cur i gcrích aige, agus raon iontach scileanna treodóireachta á léiriú aige.</p> <p>Léiríonn an scoláire tuiscint den scoth ar phrótacail imeachta agus ar bhreithnithe sábháilteachta.</p> <p>Léiríonn an scoláire cumas iontach i dtaobh a bheith éifeachtach mar bhall d'fhoireann.</p> <p>Tá cáilíocht den scoth ag baint le machnamh an scoláire.</p>
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Éiríonn thar barr leis an scoláire agus a chéim féin den imeacht treodóireachta foirne á cur i gcrích aige, agus raon leathan scileanna treodóireachta á léiriú aige.</p> <p>Léiríonn an scoláire tuiscint an-mhaith ar phrótacail imeachta agus ar bhreithnithe sábháilteachta.</p> <p>Léiríonn an scoláire cumas an-mhaith i dtaobh a bheith éifeachtach mar bhall d'fhoireann.</p> <p>Tá cáilíocht an-mhaith ag baint le machnamh an scoláire.</p>

Ag teacht leis na hionchais

Éiríonn leis an scoláire a chéim féin den imeacht treodóireachta foirne a chur i gcrích agus leas á bhaint aige as réimse scileanna treodóireachta.

Léiríonn an scoláire tuiscint mhaith ar phrótacail imeachta agus ar bhreithnithe sábháilteachta.

Léiríonn an scoláire cumas maith i dtaobh a bheith éifeachtach mar bhall d'fhoireann.

Tá cáilíocht réasúnta ag baint le machnamh an scoláire.

Níor chomhlíon na hionchais go fóill

Déanann an scoláire píosa dá chéim féin den imeacht treodóireachta foirne.

Léiríonn an scoláire tuiscint an-bhunúsach ar phrótacail imeachta agus ar bhreithnithe sábháilteachta.

Is teoranta an méid a chuireann an scoláire le hiarracht na foirne.

Tá teorainn le machnamh an scoláire.

I **Snáithe 3**: Rogha 2, *Uiscíocht*: déantar measúnú ar fhreagairt an scoláire do chás a bhaineann le sábháilteacht uisce.

Baineann trí ghné leis an measúnú ar an gcás sábháilteachta uisce:

- Freagairt go cuí do chás sábháilteachta uisce
- Cloí leis na rialacha a bhaineann le sábháilteacht uisce
- An cumas machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim fhoriomlán sa snáithe.

Sa mheasúnú seo, éilítear ar an scoláire a chumas a léiriú i dtaobh freagairt go sábháilte agus go héifeachtach do chás a bhaineann le sábháilteacht uisce. Is tábhachtach an rud é go mbeadh gach scoláire, beag beann ar an gcumas snámha atá aige, in ann an measúnú seo a dhéanamh. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé gur gá níos mó ná cás sábháilteacht uisce amháin a dhearadh ina mbeidh freagairt éagsúil ag teastáil ag brath ar chumas snámha an scoláire. Ba chóir go mbeadh an cás éilitheach mar is cuí don scoláire ag brath ar a chumas snámha.

Nuair a bheidh an measúnú feidhmíochta in *Uiscíocht* curtha i gcrích ag an scoláire, ní mór dó machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim fhoriomlán sa snáithe seo.

I gcomhair ráitis shamplacha chun tacú le machnaimh an scoláire, feic Aguisín I.

Cásanna samplacha a bhaineann le sábháilteacht uisce

Cás samplach 1 a bhaineann le sábháilteacht uisce

Tá tú díreach tosaithe ag freastal ar cheachtanna snámha sa linn snámha i do cheantar féin. Tá dul chun cinn á dhéanamh agat ach níl tú in ann leithead na linne a snámh ná snámh in uisce

domhain fós. Agus tú amuigh le do theaghlach, feiceann tú páiste óg i dtrioblóid san uisce éadomhain ag an trá. Léirigh an gníomh a thógfá.

Cás samplach 2 a bhaineann le sábháilteacht uisce

Tá tú díreach tosaithe ag freastal ar cheachtanna snámha sa linn snámha i do cheantar féin. Tá dul chun cinn á dhéanamh agat ach níl tú in ann leithead na linne a snámh ná snámh in uisce domhain fós. Titeann páiste óg de ché. Léirigh an gníomh a thógfá.

Cás samplach 3 a bhaineann le sábháilteacht uisce

Tá tú ag foghlaim le snámh anois le roinnt blianta anuas agus tá tú in ann fad na linne snámha a snámh roinnt uaireanta agus snámh san uisce domhain. Tá tú ag an trá le cairde leat. Téann duine acu amach ag snámh i ndiaidh liathróide agus bíonn deacrachtaí aici. Tá sí ag snámh ar ais chuig an gcladach agus is gearr go mbeidh sí in ann a cosa a chur fúithi, ach is léir go bhfuil sí tuirseach. Léirigh an gníomh a thógfá.

Cás samplach 4 a bhaineann le sábháilteacht uisce

Tá tú ar fhoireann snámha na scoile agus tá tú ag snámh leis an gclub ó bhí tú an-óg. Tá tú amuigh ag bádóireacht le do theaghlach agus tá áiseanna snámhachta oraibh ar fad. Tá triúr agaibh ag spraoi ar an deic agus go tobann titeann sibh isteach san uisce. Léirigh an gníomh a thógfá.

D'fhéadfaí an measúnú seo a dhéanamh thar dhá rang corpoideachais nó mar sin, ag brath ar an líon teagascóirí atá i láthair ag an linn snámha. Ba chóir go dtabharfadh an measúnú dhá dheis don scoláire a fheidhmíocht is fearr a léiriú, más gá.

Na Gnéithe Cáilíochta: Measúnú Feidhmíochta san Uiscíocht

Thar barr ar fad

Léirítear san fheidhmíocht freagairt iontach do chás sábháilteachta uisce.

Taispeánann an fheidhmíocht tuiscint iontach ar na rialacha i dtaobh sábháilteacht uisce.

Tá cáilíocht iontach ag baint le machnamh an scoláire.

Os cionn na n-ionchas

Léirítear san fheidhmíocht freagairt an-éifeachtach do chás sábháilteachta uisce.

Taispeánann an fheidhmíocht tuiscint an-mhaith ar na rialacha i dtaobh sábháilteacht uisce.

Tá cáilíocht an-mhaith ag baint le machnamh an scoláire.

Ag teacht leis na hionchais

Léirítear san fheidhmíocht freagairt éifeachtach do chás sábháilteachta uisce.

Taispeánann an fheidhmíocht tuiscint mhaith ar na rialacha i dtaobh sábháilteacht uisce.

Tá cáilíocht réasúnta ag baint le machnamh an scoláire.

Níor chomhlíon na hionchais go fóill

Léirítear san fheidhmíocht freagairt mhíshásúil do chás sábháilteachta uisce.

Taispeánann an fheidhmíocht tuiscint bhunúsach ar na rialacha i dtaobh sábháilteacht uisce.

Tá teorainn le machnamh an scoláire.

I **Snáithe 3**: Rogha 3, *Lúthchleasaíocht*, déanann an scoláire a mheasúnú feidhmíochta in imeacht lúthchleasaíochta amháin.

Baineann cúig ghné leis an measúnú feidhmíochta sa lúthchleasaíocht:

- Scil agus teicníc san imeacht lúthchleasaíochta a roghnaíodh, agus an scoláire faoi bhrú
- An cumas a bheith iomaíoch faoi bhrú
- Cloí le rialacha an imeachta
- Cloí le réamhchúraimí sábháilteachta an imeachta.
- An cumas machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim fhoriomlán sa snáithe.

Sa mheasúnú seo, éilítear ar an scoláire scil agus teicníc in imeacht lúthchleasaíochta amháin a léiriú. Sa lúthchleasaíocht, foghlaimíonn an scoláire faoi imeachtaí lúthchleasaíochta a bhaineann le rith, caitheamh agus léim. Braitheann an líon imeachtaí a ndéantar staidéar orthu i ngach ceann de na trí chatagóir sin ar spéis agus cumas an ranga.

Socraíonn an múinteoir, i gcomhairle leis an scoláire, cé na himeachtaí lúthchleasaíochta a ndearnadh staidéar orthu a ndíreofar orthu sa mheasúnú. I gcásanna áirithe, socróidh an múinteoir ar imeacht amháin ina ndéanfar measúnú ar gach scoláire ina leith. I gcásanna eile, féadfaidh an múinteoir rogha a thabhairt don scoláire maidir leis an imeacht ar mhaith leis go ndéanfaí measúnú air ina leith. Beidh cinntí mar sin ag brath ar a bhfuil indéanta don mhúinteoir agus don scoláire.

Ba chóir an measúnú a dhearadh le go dtarlódh sé i gcomhthéacs ‘iomaíoch’ sa rang corpoideachais. Tá an ghné feidhmíochta den mheasúnú seo dírithe go príomha ar scil agus teicníc a bheith á léiriú ag an scoláire san imeacht roghnaithe i gcomhthéacs ‘iomaíoch’ fad is a chloíonn sé le rialacha agus

rialacháin sábháilteachta don imeacht. Ba chóir go dtabharfaí dhá dheis ar a laghad don scoláire a fheidhmíocht is fearr a léiriú.

Nuair a bheidh an measúnú feidhmíochta sa *Lúthchleasaíocht* curtha i gcrích ag an scoláire, ní mór dó machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim fhoriomlán sa snáithe seo. I gcomhair ráitis shamplacha le tacú le machnaimh an scoláire, feic Aguisín 1.

D'fhéadfaí an measúnú seo a dhéanamh thar dhá rang corpoideachais nó mar sin.

Na Gnéithe Cáilíochta: Measúnú Feidhmíochta sa Lúthchleasaíocht

Thar barr ar fad

Léiríonn an scoláire leibhéal iontach scile agus teicníce.

Léiríonn an scoláire cumas iontach a bheith iomaíoch go héifeachtach agus é faoi bhrú.

Taispeánann an scoláire tuiscint iontach ar rialacha an imeachta, lena n-áirítear breithnithe sábháilteachta.

Tá cáilíocht iontach ag baint le machnamh an scoláire.

Os cionn na n-ionchas

Léiríonn an scoláire leibhéal an-mhaith scile agus teicníce.

Léiríonn an scoláire cumas an-mhaith a bheith iomaíoch go héifeachtach agus é faoi bhrú.

Taispeánann an scoláire tuiscint an-mhaith ar rialacha an imeachta, lena n-áirítear breithnithe sábháilteachta.

Tá cáilíocht an-mhaith ag baint le machnamh an scoláire.

Ag teacht leis na hionchais

Léiríonn an scoláire leibhéal maith scile agus teicníce.

Léiríonn an scoláire cumas maith a bheith iomaíoch go héifeachtach agus é faoi bhrú.

Taispeánann an scoláire tuiscint mhaith ar rialacha an imeachta, lena n-áirítear breithnithe sábháilteachta.

Tá cáilíocht réasúnta ag baint le machnamh an scoláire.

Níor chomhlíon na hionchais go fóill

Ní léirítear san fheidhmíocht ach scil agus teicníc an-teoranta.

Léiríonn an scoláire cumas an-teoranta a bheith iomaíoch go héifeachtach agus é faoi bhrú.

Taispeánann an scoláire tuiscint neamhleor ar rialacha an imeachta agus ar bhreithnithe sábháilteachta.

Tá cáilíocht theoranta ag baint le machnamh an scoláire.

I **Snáithe 4: Damhsa/Gleacaíocht**, déanann an scoláire a mheasúnú feidhmíochta sa damhsa **nó** sa ghleacaíocht.

Sa mheasúnú feidhmíochta don damhsa nó don ghleacaíocht, éilítear ar an scoláire damhsa/gleacaíocht a chum sé féin a chur i láthair i **ngrúpa** nach mó ná ceathrar scoláirí. Sa damhsa/ghleacaíocht, ba chóir go léireofaí na gnéithe seo a leanas i dtaibhiú an scoláire:

- Scil, grástúlacht agus muinín as féin
- Tuiscint ar stíl/théama
- Úsáid chruthaitheach á baint as teicnící cóiréagrafaíochta agus cumadóireachta, frapaí agus ceol
- An méid a chuireann sé le taibhiú foriomlán an ghrúpa
- Cloí leis na réamhchúraimí sábháilteachta don ghníomhaíocht.

Sa mheasúnú seo, iarrtar ar an scoláire damhsa nó gleacaíocht a chruthú agus a chur i láthair mar chuid de ghrúpa nach mó ná ceathrar scoláirí. Sa chás go raibh deis ag an scoláire an dá rud a fhoghlaim, is fearr go mbeadh cead aige rogha a dhéanamh, i dteannta a ranga, faoin ngníomhaíocht a úsáidfear don mheasúnú feidhmíochta seo. Ba chóir an damhsa/ghleacaíocht a bhunú ar an bhfoghlaim sa rang corpoideachais, .i. téama nó téamaí áirithe a ndearnadh staidéar orthu sa ghleacaíocht nó na stíleanna damhsa difriúla a foghlaimíodh sa rang damhsa. Tá sé tábhachtach a phlé leis na scoláirí céard go díreach a mbeifear ag súil leis sa taibhiú, i.e. an téama/stíl, úsáid frapaí agus úsáid an cheoil agus cur chuige féideartha i dtaobh cur i láthair a dhéanamh mar ghrúpa. Déantar measúnú ar fheidhmíocht an scoláire ar bhonn aonair agus i ndáil leis an méid a chuireann sé le taibhiú foriomlán an ghrúpa.

Cuirfidh an scoláire lena mhuinín as féin agus lena inniúlacht sa damhsa/ghleacaíocht sa chéad chuid den snáithe. Déanfar an réiteach don mheasúnú feidhmíochta sa dara cuid den snáithe. Is dócha go mbeidh ceithre thréimhse dhúbailte ar a laghad ag teastáil ón scoláire chun an taibhiú a ullmhú agus slacht a chur air. Bainfidh an scoláire leas as an méid atá foghlamtha aige sa chéad chuid den snáithe agus é ag pleanáil i gcomhair an taibhithe. Tá sé inmhianaithe athbhreithniú a dhéanamh i lár na gníomhaíochta trí phiarmheasúnú agus/nó fiseán chun aiseolas a thabhairt ar an taibhiú. Féadfaidh an scoláire an chuid eile den am a úsáid chun an taibhiú a fheabhsú ar bhonn an aiseolais óna chomhscoláirí agus ón múinteoir. Bunaithe ar rang ina bhfuil tríocha scoláire agus nach mó ná ocht ngrúpa, d'fhéadfaí an measúnú seo a dhéanamh thar dhá rang corpoideachais nó mar sin.

Nuair a bheidh an measúnú feidhmíochta sa *Damhsa/Ghleacaíocht* curtha i gcrích ag an scoláire, ní mór dó machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim fhoriomlán sa snáithe seo. I gcomhair ráitis shamplacha le tacú le machnaimh an scoláire, feic Aguisín 1.

Na Gnéithe Cáilíochta: Measúnú Feidhmíochta sa Damhsa nó sa Ghleacaíocht
<p>Sa tasc measúnaithe seo, bunaítear grád an scoláire ar a fheidhmíocht aonair i dtaibhiú damhsa/gleacaíochta an ghrúpa mar aon leis an méid a chuir sé leis an taibhiú sin.</p>
<p>Thar barr ar fad</p> <p>Léirítear scil, grástúlacht agus muinín iontach sa taibhiú.</p> <p>Is iontach mar a léirítear sa taibhiú an stíl/téama ar a bhfuil an taibhiú deiridh bunaithe.</p> <p>Tá leibhéal iontach cruthaitheachta le feiceáil.</p> <p>Is iontach mar a chuireann feidhmíocht an scoláire le taibhiú foriomlán an ghrúpa.</p> <p>Tá cáilíocht den scoth ag baint le machnamh an scoláire.</p>
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Léirítear scil, grástúlacht agus muinín an-mhaith sa taibhiú.</p> <p>Is an-mhaith mar a léirítear sa taibhiú an stíl/téama ar a bhfuil an taibhiú deiridh bunaithe.</p> <p>Tá leibhéal iontach cruthaitheachta le feiceáil.</p> <p>Is an-mhaith mar a chuireann feidhmíocht an scoláire le taibhiú foriomlán an ghrúpa.</p> <p>Tá cáilíocht an-mhaith ag baint le machnamh an scoláire.</p>
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Léirítear scil, grástúlacht agus muinín mhaith sa taibhiú.</p> <p>Is maith mar a léirítear sa taibhiú an stíl/téama ar a bhfuil an taibhiú deiridh bunaithe.</p> <p>Tá leibhéal réasúnta cruthaitheachta le feiceáil.</p> <p>Is maith mar a chuireann feidhmíocht an scoláire le taibhiú foriomlán an ghrúpa.</p> <p>Tá cáilíocht réasúnta ag baint le machnamh an scoláire.</p>
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Léirítear scil, grástúlacht agus muinín an-bhunúsach sa taibhiú.</p> <p>Ní léir sa taibhiú an stíl/téama ar a bhfuil an taibhiú deiridh bunaithe.</p> <p>Ní chuireann feidhmíocht an scoláire mórán le taibhiú foriomlán an ghrúpa.</p> <p>Tá cáilíocht theoranta ag baint le machnamh an scoláire.</p>

Measúnú Rangbhunaithe: Comhairle don scoláire

Agus measúnuithe á ndéanamh agat don ghearrchúrsa corpoideachais, cuimhnigh ar an méid seo a leanas:

- De réir mar a fhorbróidh tú do chuid scileanna agus do thuiscint i ngach snáithe den ghearrchúrsa corpoideachais, gheobhaidh tú aiseolas ó do mhúinteoir agus ó na scoláirí i do rang faoin gcaoi ar féidir leat cur le d'fheidhmíocht agus do thuiscint. Déanfaidh tú machnamh chomh maith ar d'fhoghlaim féin le cuidiú leat na chéad chéimeanna eile a phleanáil. Úsáid an fhaisnéis sin ionas go dtiocfaidh feabhas ort.
- Tógann sé am máistreacht a fháil ar ghníomhaíochtaí nua. Is gá cleachtadh a dhéanamh ionas go dtiocfaidh feabhas ort i dtaobh gníomhaíocht choirp ar bith. Is mó an feabhas a thiocfaidh ort má bhíonn tú in ann cleachtadh taobh amuigh den rang corpoideachais. Iarr ar do mhúinteoir agus ar scoláirí eile comhairle a chur ort maidir le deiseanna cleachtaidh.
- Bí cinnte go dtuigeann tú an rud a iarrfar ort a dhéanamh chun fianaise a thaispeáint ar d'fhoghlaim faoi dheireadh gach snáithe. Tapaigh gach deis chun cleachtadh a dhéanamh agus chun aiseolas a fháil.

Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Gheobhaidh comhaltaí foirne comhthuiscint ar chaighdeáin ghearrchúrsaí na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Bailíonn múinteoirí samplaí de shaothar scoláirí agus cuireann a mbreithiúnais i gcomparáid le comhghleacaithe eile. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

I dtosach, de réir mar a rachaidh an múinteoir corpoideachais i dtaithí ar fhíseáin a úsáid sa seomra ranga, d'fhéadfadh sé nach mbeifear in ann na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a dhéanamh ach i ndáil leis an gClár Pearsanta Gníomhaíochta Coirp. Déantar na measúnuithe eile i bhfíor-am. I gcás nach ndearnadh taifeadadh ar an measúnú, áfach, ní bheidh aon déantán ar fáil lena phlé. De réir a chéile, nuair a rachaidh an múinteoir i dtaithí ar TFC a úsáid sa

chorpoideachas, féadfaidh sé samplaí fise de Mheasúnuithe Rangbhunaithe a thabhairt chuig cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair lena n-athbhreithniú agus lena bplé.

Nuair a bhíonn múinteoir aonair ar ghearrchúrsa i scoil, nuair is indéanta, glacfaidh an múinteoir páirt i gcruinniú Athbhreithnithe Foghlama agus Measúnaithe le scoil eile. Fiosrófar cumas TFC le tacú leis na cruinnithe sin.

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann ag <http://juniorcycle.ie/Assessment>.

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh a bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na Tuairisceoirí chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe leanúnacha na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Aiseolas a úsáid

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil le tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin Tuairisceoir deiridh a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe athbhreithnithe a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi úsáid aiseolais le fáil ag <http://juniorcycle.ie/Assessment>.

Toradh a cheistiú

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnú Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

Aguisín 1: Ráitis mhachnaimh shamplacha

D'fhéadfaí smaoineamh ar roinnt de na ráitis seo a leanas chun tacú leis an scoláire ina mhachnamh:

- Is é an rud is tábhachtaí a d'fhoghlaim mé sa snáithe seo.....
- Ba é an chuid ba shuimiúla.....
- Ba é an rud ba dheacra dom.....
- D'fhéadfadh mo chuid feidhmíochta a bheith níos fearr dá....
- Is é an snáithe *** is fearr a thaitin liom mar...
- D'fhoghlaim mé na scileanna seo a leanas sa snáithe seo...
- Bheadh spéis agam níos mó a fhoghlaim faoi...
- Bheadh spéis agam foghlaim le...
- Rud amháin a mb'éigean dom obair chrua a dhéanamh lena shárú ba ea.....
- Ag deireadh an tsnáithe seo, is mó/is lú an seans go mbeidh mé i mbun gníomhaíocht choirp mar....
- Ag deireadh an tsnáithe seo, is mó/is lú an seans go mbainfidh mé triail as gníomhaíochtaí nua mar.....